Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2020
(OR. en)

6048/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0024 (NLE)**

**COLAC 8**
**WTO 18**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1+],

---

1 Toiliú an … (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
\+ IO: Cuir isteach le do thoil an dáta san fhonóta thuas.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/…[1+] ón gComhairle, rinneadh an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach ("An Prótacal") a chur san áireamh a shíniú an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/… ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L …).

[+] IO: Cuir isteach le do thoil an uimhir, an dáta agus tagairt IO atá i ndoiciméad ST6047/20 san aithris agus san fhonóta thuas.

[++] IO: cuir isteach san aithris, le do thoil, an dáta sínithe atá i ndoiciméad ST6049/20.

*Airteagal 1*

Déantar, leis seo, an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir, ar an taobh eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, a fhormheas thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 12(2) den Phrótacal[1+] a thabhairt.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta a dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[+] Toscaireachtaí: Féachaigí doiciméad ST6049/20.